

NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

28-02-17

Na Sacramintí/The Sacraments – Rang a 2 & 6

Searmanas na gCoinneal/Ceremony of Light – Rang a 6

Beidh Searmanas na gCoinneal ar siúl i gCnoc Mitin Déardaoin, an 2 Márta, ag a 7:30pm.

Beidh coinneal ag teastáil uathu ar an oíche. Cabhraigh le do pháiste na paidreacha a chleachtadh le bhur dtoil. Caitheann na páistí gnáth-éadaí scoile ar an oíche. Mar is eol daoibh beidh an Cóineartú ar siúl an 5 Aibreán.

*The Ceremony of Light for 6th Class will take place in Knockmitten church on Thursday, March 2nd at 7:30pm. **The children will need a candle (their baptismal candle if you have it) on the night.** Please help your child practice the prayers at home. The children wear their normal school uniform for the ceremony. As you are aware the Confirmation will take place on April 5th.*

Athrú ama don Chóineartú: Cóineartú ag tosú anois ag 10.30am. **Change of time for Confirmation:** Confirmation now beginning at 10.30am.

An Chéad Fhaoistin/ First Confession

Beidh an Chéad Fhaoistin ar siúl Dé Céadaoin, an 15 Márta ag a 11:30 sa séipéal sa sráidbhaile. Téann na páistí ar ais chuig an scoil tar éis an tsearmanais. Mar is eol daoibh beidh an Chéad Chomaoineach ar siúl an 27 Bealtaine.

The First Confession for 2nd Class will take place on Wednesday, March 15th at 11:30 in the church in the village. The children return to school after the ceremony. As you are aware the First Holy Communion will take place on Saturday, May 27th.

Lá Fhéile Phádraig

Lá Fhéile Pádraig/ *Saint Patrick's Day* 16 – 20 Márta/March (san áireamh/inclusive). Beidh an scoil dúnta ar na laethanata sin.

Oíche Rásaíochta

Mar is eol daoibh beidh an Oíche Rásaíochta ar siúl ar an gCéadaoin, an 15 Márta. Táimid fós ag fanacht ar go leor foirmeacha agus ta sé riachtanach go mbeadh an t-airgead isteach an Aoine beag seo. Beidh go leor duaiseanna iontacha ar an oíche chomh maith agus tá súil againn go mbeidh slua ann ar an oíche chun tacaíocht a thabhairt chuig an scoil agus chun taitnemah a bhaint as an oíche. Tá an t-úafás obair déanta ag Cairde mar is gnáth agus táim cinnte go mbeidh an oíche againn.

As you are all aware we will be having our big fundraiser, the Race Night on Wednesday, March 15th. We are still waiting for forms and money for horses to be returned to the school and it is imperative that all monies are sent in by Friday. There will be lots of prizes on the night and we hope to see a huge crowd to support the school and to enjoy a fun-filled night, which is always a certainty in regards to the Race Night.

An Scoil Nua – Cead Pleanála/ New School Building – Planning Permission

Tá an fógra ar chead pleanála don bhfoirgneamh nua ar crochadh anois ar thalamh Ghaelscoil Chluain Dolcáin. Is dea-scéal é seo don phróiseas pleanála. *The planning permission notice is now on display on the grounds of Gaelscoil Chluain Dolcáin/Coláiste Chilllain. This is great news for the planning process and brings us one step closer to securing our school building!*



Céadaoin an Luathrigh/Ash Wednesday

Cuirfear tús leis an gCarghas Dé Céadaoin, an 1 Márta. Tá súil againn am a fháil le linn shéasúr an Charghais machnamh a dhéanamh ar ár saol (tá sé fíor-dheacair é sin a dhéanamh sa saol gnóthach seo!!). Beidh Ranganna a 2 agus a 6 ag freastal ar Aifreann gach Céadaoin le linn an Charghais i gCnoc Mitin. Bhí go leor ranganna ar Aifreann Céadaoin an Luathrigh chomh maith.

This week sees the start of Lent. We hope that this Lenten season will give us all a chance to reflect – it is so hard to get time for this in such a busy world!

2nd and 6th Classes will attend mass every Wednesday in Knockmitten during Lent.

Seachtain na Gaeilge

Beimid ag céiliúradh Sheachtain na Gaeilge idir an 2 agus an 15 Márta i mbliana. Beidh rudaí deasa eagraithe againn don scoil cosúil le ‘ceol, íoga, zumba, turasanna, briogóid dóiteáin, srl. Tá Cairde sásta cabhrú le cuid den chostas ach bheadh an scoil fíor-bhuíoch de gach clann cúnaimh airgeadais a thabhairt chomh maith. Más féidir an t-airgead a sheoladh isteach roimh dheireadh na míosa seo. Costas Sheachtain na Gaeilge ná €3 do pháiste amháin. €5 má tá níos mó ná pháiste amháin sa chlann. Beidh na páistí ag gléasadh suas ar an gCéadaoin, an 15 Márta. Níl aon bhrú ar Rang a 2 a bheith gléasta suas mar gheall ar an gCéad Faoistin. Is féidir leo brat nó fearas eile a thabhairt isteach leo má tá siad ag iarraidh.

We will be celebrating Seachtain na Gaeilge again from March 2nd-15th and we are asking parents to contribute towards all the wonderful events that are organised for this. The activities will include music, yoga, zumba, tours, etc. Our thanks to Cairde who have agreed to help with some of the costs so we would be grateful if each family could contribute also. Please send in €3 per child or €5 per family before the end of February. The children will be dressing up on Wednesday, March 15th in an ‘Irish theme’. Children in 2nd class will not be dressing up due to their First Confession but are more than welcome to bring in flags/glasses or other accessories on the day.

Club Oibre Baile

Thosaigh an chéad téarma eile den chlub an seachtain seo.

Íocaíocht ag teastáil roimh an Aoine beag seo.

The next term of the homework club commenced this week.

Please send in all monies before Friday 03/03/17.

Meabhrúchán do Rang a 2/Reminder for 2nd Class **Grianghraifeanna do Rang a 2/Photographs for 2nd Class**

Tá grianghraifeanna ag teastáil ó Rang a 2 i gcóir leabhrán don Chéad Chomaoineach roimh an Aoine le bhur dtoil. Photographs are required for 2nd class for the First Holy Communion booklets by Friday at the latest.

An Lá Domhanda um Leabhair/ *World Book Day*

Beimid ag céiliúradh an Lá Domhanda um Leabhair an 2 Márta. Ní bheidh na páistí ag gléasadh suas ar an lá mar beidh siad ag gléasadh suas an 15 Márta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge.

We will be celebrating World Book Day on March 2nd. The children will not be dressing up on the day as they will be dressing up on March 15th for Seachtain na Gaeilge.

Féile Drámaíochta

Comghairdeas le Rang a 4 a ghlac páirt i bhFéile Drámaíochta na hÉireann an tseachtain seo caite leis an Múinteoir Síle. *Congratulations to 4th Class who took part in Féile Drámaíochta na hÉireann last week with Múinteoir Síle.*

Meabhrúchán/ *Reminder*

We are collecting the outstanding money for school books as well as the hall, dancing, gymnastics, swimming and tin whistle now. Please ensure that all outstanding monies are paid before the end of this month. If you have any queries please contact the office.

If you have any problems with this, please do not hesitate to contact the office in confidence.

Táimid ag bailiú an airgid do na leabhair scoile agus halla, rince, gleacaíocht, snámh agus don fheadóg stáin. An féidir libh a bheith cinnte de go bhfuil gach rud íochta roimh dheireadh na míosa le bhur dtoil.

Má tá aon fhadhb ann, ná bíodh drogall oraibh labhairt go príobháideach leis an oifig.

Is mise le meas,

Caoimhe de Búrca

Príomhoide